Commission for the Support of Victims of Crime

Tuarascáil Bhliantúil 2011



CLÁR ÁBHAIR

Alt		Uimh. Leathanaigh
	Achoimre Fheidhmeach	2
1	Forbhreathnú ar mhaoiniú an Choimisiúin i 2011	3
2	Maoiniú a dáileadh de réir earnála	4
3	Cinntí maoinithe do 2012	7
4	Soláthar foirne agus oibrithe deonacha	8
5	An Fóram Comhchomhairleach	8
6	Oiliúint	10
7	Gníomhaíochtaí eile an Choimisiúin i 2011	10
Aguisín A	Iarratais ar mhaoiniú ar éirigh leo i 2011	12
Aguisín B	Dáileadh maoinithe i 2011	14
Aguisín C	Maoiniú a dáileadh ar eagraíochtaí 2005 go 2011	15
Aguisín D	Líon na n-íospartach ar tacaíodh leo agus líon na n-oibrithe deonacha	16
Aguisín E	Fógra Poiblí do Mhaoiniú 2012	17
Aguisín F	Ballraíocht den Choimisiún um Thacaíocht d'Íospartaigh na Coireachta	18

AN COIMISIÚN UM THACAÍOCHT D'ÍOSPARTAIGH NA COIREACHTA

TUARASCÁIL DON AIRE DLÍ AGUS CIRT AGUS COMHIONANNAIS 2011

Achoimre Fheidhmeach

- Dháil an Coimisiún um Thacaíocht d'Íospartaigh na Coireachta €1,166,548 ar 46 eagraíocht na hearnála deonaí a sholáthraíonn seirbhísí túslíne do thacaíocht d'íobartaigh na coireachta i 2011. Chaith na 46 eagraíocht mhaoinithe €1,205,684 san iomlán de mhaoiniú an Choimisiúin i 2011, arb ionann é agus laghdú 5.5% ó chaiteachas 2010. Thug na heagraíochtaí maoinithe roinnt barrachas anonn ó 2010. (rannán 1)

- Cabhraíodh le 13,874 íobartach tríd an maoiniú seo, méadú 14% ó 2010. (rannán 2.6)

- Bhí 33,556 cruinniú nó teagmháil ar an nguthán leis na híobartaigh sin sa bhliain. (rannán 2.6)

- Bhain tionscadail mhaoinithe úsáid as cúnamh ó 489 oibrí deonach agus d'fhostaíodar an choibhéis de 24 ball foirne lánaimseartha. (rannán 4)

- Reáchtáil an Fóram Comhchomhairleach dhá chruinniú i 2011. Pléadh sa chruinniú i mí Aibreáin conas a fhéadann an earnáil í féin a eagrú níos dlúithe le chéile le go soláthraítear seirbhísí ar mhodh níos éifeachtaí d'íospartaigh agus le híospartaigh. Lean an dara cruinniú ar aghaidh leis an mbéim ar chomhar agus ar chomhoibriú idir na heagraíochtaí maoinithe. Sholáthair sé an deis freisin d'eagraíochtaí ionchur a bheith acu i ndréachtú na reachtaíochta beartaithe nua íospartach. (Rannán 5).

- Reáchtáil an Coimisiún ceardlann oiliúna dá eagraíochtaí maoinithe i 2011. Ar na saincheisteanna a folaíodh, bhí an nochtadh nótaí comhairleoireachta i gcásanna coiriúla

agus saincheisteanna a bhaineann le finnéithe leanaí ionchasacha agus comhairleoireacht. (Rannán 6).

1. Forbhreathnú ar Mhaoiniú an Choimisiúin i 2011

1.1 Feidhm thábhachtach den Choimisiún is ea an dáileadh maoinithe ar eagraíochtaí na hearnála deonaí a chuireann tacaíocht ar fáil d'íospartaigh na coireachta. Cuireadh buiséad iomlán de €1,321,000 ar fáil don Choimisiún i 2011. Laghdaíodh an figiúr seo go €1,181,000 ina dhiaidh sin, áfach. Dháil an Coimisiún €1,166,548 ar 46 eagraíocht. Thóg eagraíochtaí áirithe barrachas beag anonn ó 2010 agus ba é an toradh a bhí aige seo ná gur chaith na heagraíochtaí maoinithe €1,205,684 ar an iomlán. Caitheadh an méid a bhí fágtha ar an bhFóram Comhchomhairleach a rith, ar oiliúint a chur ar fáil agus ar chostais eile riaracháin.

1.2 Cuireadh fógra poiblí sna nuachtáin náisiúnta ar an 16 Deireadh Fómhair, 2010, ag lorg iarratas ar mhaoiniú do 2011. Tháinig formhór na n-iarratas a fuarthas ó eagraíochtaí a chuir isteach ar mhaoiniú agus a fuair maoiniú ón gCoimisiún i mblianta roimhe sin. Fuair an Coimisiún 50 iarratas agus d'fhaomh sé 46 ceann díobh.

1.3 Tá an Coimisiún neamhspleách go hiomlán ina chinnteoireacht agus scrúdaíonn sé gach iarratas ar a fhiúntas féin. Mar a rinne sé sna blianta roimhe sin, chinn an Coimisiún tosaíocht a thabhairt don mhaoiniú gníomhaíochtaí ar an talamh a sholáthraíonn tacaíochtaí díreacha d'íospartaigh na coireachta, in ionad struchtúir riaracháin nó tionscadail taighde. Bhí méid suntasach den mhaoiniú a cuireadh ar fáil i dtreo sholáthar na seirbhíse tionlacain chúirte d'íospartaigh na coireachta. Chabhraigh an Coimisiún freisin le heagraíochtaí a thacaíonn le híospartaigh na coireachta chun tacaíocht agus faisnéis a thairiscint d'íospartaigh atá ag dul tríd an bpróiseas dlí.

1.4 Tugadh scéala faoi chinneadh an Choimisiúin chuig na heagraíochtaí rathúla go raibh siad le maoiniú a fháil faoi dheireadh mhí na Nollag 2010. Rinneadh é seo le leanúnachas seirbhísí d'íospartaigh a éascú agus le cur ar chumas eagraíochtaí a seirbhísí don bhliain féilire iomlán 2011 a phleanáil. Rinneadh formhór na n-íocaíochtaí tosaigh sa chéad cheathrú de 2011, a luaithe agus a chuir eagraíochtaí na tuarascálacha

riachtanacha ar mhaoiniú 2010 agus próifílí caiteachais do 2010 isteach. Roimh dheireadh mhí an Mhárta, 2011, íocadh €948,348 chuig na heagraíochtaí maoinithe. Chiallaigh sé seo go raibh 90% de na túsíocaíochtaí féideartha íoctha ag an bpointe sin.

1.5 Rinne an Coimisiún mionanailís arís ar na tuairisceáin cheann bliana a sholáthair na heagraíochtaí maoinithe. Tá an anailís iomlán ar fáil ar láithreán Gréasáin an Choimisiúin (www.csvc.ie) faoi "Publications". Mar chuid den anailís seo, rinneadh scrúdú ar chuntais iniúchta do 2010. Níor sheas maoiniú an Choimisiúin ach do 2% de mhaoiniú foriomlán na n-eagraíochtaí. Mar sin féin, bhí difear mór idir na hearnálacha éagsúla sa mhéid seo, mar gur sheas maoiniú an Choimisiúin do 80% ar an meán de mhaoiniú san earnáil coireachta ginearálta agus do bhreis agus 95% den mhaoiniú do thrí eagraíocht san earnáil sin.

1.6 Tá an Coimisiún ag obair leis an earnáil coireachta ginearálta chun seirbhísí a leathnú. Faigheann sé spreagadh as an dóigh ar chuir an Chónaidhm um Chúnamh d'Íospartaigh trí bhrainse le líon a cuid brainsí agus as an líon méadaithe teagmhálacha le Líne Chabhrach d'Íospartaigh na Coireachta agus le Seirbhísí Tacaíochta tar éis Coireachta. Tá maoiniú ag gníomhú mar shrianadh anois ar leathnú breise seirbhísí, áfach.

1.7 Léirigh na cuntais iniúchta do 2010 go raibh cúlchiste airgid ag na heagraíochtaí ar an meán le costas 16 seachtaine a chlúdach. Arís, bhí athraitheas mór ann toisc gur léirigh ceithre heagraíocht go raibh easnaimh acu agus nach raibh cúlchiste airgid acu. Níl iontas ar an gCoimisiún ach tá sé buartha gur mheath an easpa chúlchiste airgid ar an meán pas beag níos mó ná ceathrú i gcomparáid leis an gcás i 2009. Táthar ag coinne go léireoidh na cuntais iniúchta do 2011 tuilleadh meatha ar chúlchiste airgid. D'fhéadfadh sé seo an marthanas roinnt eagraíochtaí i 2012 agus sna blianta ina dhiaidh sin a chur in amhras.

2. Maoiniú a dháil an Coimisiún de réir earnála

2.1 Dheonaigh an Coimisiún maoiniú do na naoi n-eagraíocht seo a leanas a chuireann seirbhísí ar fáil d'íospartaigh choireachta go ginearálta:

- **Líne Chabhrach d'Íospartaigh na Coireachta [116 006]**

Tugann an Coimisiún tacaíocht do Líne Chabhrach náisiúnta Íospartaigh na Coireachta agus cuireann sé chun cinn í mar lárphointe teagmhála do gach íospartach coireachta. Tháinig méadú 12% ar líon na nglaonna a tugadh don eagraíocht seo i 2011, ó 2,897 glao go 3,253 glao.

- Is seirbhís dheonach í **Tacaíocht tar éis Coireachta** a chuireann tacaíocht mhothúchánach agus eolas praiticiúil ar fáil d'aon duine a ndeachaigh an choireacht i bhfeidhm orthu. Tá sí lonnaithe i gCathair Chorcaí agus tairgtear a cuid seirbhísí i gCorcaigh, i Luimneach, i dTiobraid Árann Theas agus i bPort Láirge. Shroich líon na n-íospartach ar chabhraigh sí leo i 2011 1,326 íospartach.
- **An Chónaidhm um Chúnamh d'Íospartaigh** a thairgeann tacaíocht phraiticiúil agus mhothúchánach d'íospartaigh na coireachta, trína líonra brainse. Is comhlacht deonach í an Chónaidhm le ballraíocht oibrithe deonacha lánoilte a bhfuil taithí acu ar aire a thabhairt d'íospartaigh. Tá brainsí aici i mBaile Sonnáin, i gCeatharlach, i nDroichead Átha, in Inis Córthaidh, i nGuaire, i gCill Chainnigh, i Maigh Eo, sa Mhí, i Ros Comáin, i nGaillimh Thoir, i dTrá Lí, i gCill Mhantáin agus i Loch Garman. Chabhraigh sí le 1,396 íospartach i 2011.
- **An tSeirbhís Tacaíochta Cúirte** a chuireann tionlacan cúirte ar fáil d'fhinnéithe ionchúisimh, a dteaghlaigh agus a gcairde sa Phríomh-Chúirt Choiriúil, i gCúirt Chuarda Choiriúil Bhaile Átha Cliath agus i gCúirt Dúiche Thamhlachta. Bhain 1,774 íospartach coireachta leas as an tseirbhís seo i 2011, arb ionann é agus méadú 64% ó 2010.
- **Tacaíocht tar éis Dúnbhásaithe** a chuireann tacaíocht mhothúchánach agus phraiticiúil ar fáil dóibh siúd ar lucht méala iad de bharr dúnbhásaithe.
- **AdVIC** a chuireann comhairleoireacht fóirdheontais ar fáil do theaghlaigh íospartach dúnbhásaithe agus is tacaithe iad d'athruithe ar chóras an cheartais choiriúil. Sholáthair siad cúnamh díreach do 125 duine a ndeachaigh dúnbhású i bhfeidhm orthu i 2011.
- **An tSeirbhís Éireannach um Chúnamh do Thurasóirí** a sholáthair seirbhís tacaíochta do 690 turasóir ar íospartaigh choireachta iad i 2011.
- **MISS** (Seirbhís Tacaíochta do Dhaoine ar Iarraidh in Éirinn) a sholáthraíonn eolas agus tacaíocht do theaghlaigh agus do chairde daoine atá ar iarraidh trí líne chabhrach. Chabhraigh sí le 112 duine i 2011.

- **Tacaíocht d'Íospartaigh Éireann** a sholáthair tacaíocht mhothúchánach agus phraiticiúil do 320 íospartach na coireachta i 2011.

Chaith na heagraíochtaí seo €493,936 san iomlán agus iad ag freastal ar riachtanais íospartaigh na coireachta. Sheas an caiteachas seo do 41% de mhaoiniú an Choimisiúin. Chuir sé ar a gcumas tacú le 8,996 íospartach.

2.2 Seirbhísí d'íospartaigh an fhoréigin teaghlaigh

D'fhaomh an Coimisiún 26 iarratas ar mhaoiniú ó eagraíochtaí a chuireann seirbhísí ar fáil d'íospartaigh an fhoréigin teaghlaigh, go príomha do sholáthar na seirbhíse tionlacain chúirte. Thug sé sástacht don Choimisiún a bheith ábalta dáileadh beag a chur ar Thearmann Theach Oasis do Mhná i bPort Láirge den chéad uair i 2011. Bhí €452,118 de mhaoiniú an Choimisiúin caite ag eagraíochtaí san earnáil seo, a sheas do 37% den mhaoiniú iomlán leagtha amach ag an gCoimisiún. Tugadh cúnamh do 3,147 íospartach an fhoréigin teaghlaigh.

Lean an Coimisiún air cabhrú le *Women's Aid Bhaile Átha Cliath* chun cur ar a chumas seirbhís 'bualadh isteach' agus tacaíochta a fheidhmiú go fóill i dTeach an Charnáin, Cúirt Dúiche Bhaile Átha Cliath um Dhlí Teaghlaigh. Feidhmíonn *Women's Aid* ann cúig mhaidin sa tseachtain. Soláthraíonn *Amen,* seirbhís d'íospartaigh an fhoréigin teaghlaigh ar fir iad, seirbhís atá cosúil leis ann tráthnóna Mháirt.

2.3 Seirbhísí d'íospartaigh an fhoréigin ghnéasaigh agus na gáinneála ar dhaoine

D'fhaomh an Coimisiún ceithre iarratas ar mhaoiniú ó eagraíochtaí a sholáthraíonn seirbhísí d'íospartaigh an fhoréigin ghnéasaigh. Bhí €159,331 de mhaoiniú an Choimisiúin caite ag eagraíochtaí san earnáil seo, a sheas do 13% den mhaoiniú iomlán leagtha amach ag an gCoimisiún le haghaidh eagraíochtaí maoinithe. Tugadh maoiniú don *Ionad Éigeandála um Éigniú Bhaile Átha Cliath, Líonra Éigeandála um Éigniú na hÉireann*, *One in Four* agus *Ionad Foréigin Ghnéasaigh Chorcaí* le haghaidh seirbhísí tionlacain d'íospartaigh an fhoréigin ghnéasaigh chuig stáisiúin na nGardaí, chuig aonaid chóireála d'ionsaithe gnéasacha agus chuig an gcúirt. Tugadh faoi oiliúint bhainteach na foirne agus na n-oibrithe deonacha freisin. Fuair *Ionad Foréigin Ghnéasaigh Chorcaí* maoiniú i leith soláthar seirbhísí tacaíochta do líon beag

íospartach gáinneála. Chuidigh an earnáil seo le 1,119 íospartach le maoiniú an Choimisiúin i 2011.

2.4 **Seirbhísí comhairleoireachta**

Chaith ceithre eagraíocht a chuir seirbhísí comhairleoireachta ar fáil do 531 íospartach na coireachta €61,800 de mhaoiniú an Choimisiúin i 2011. Sheas sé seo do 5% de dháileadh foriomlán an Choimisiúin ar eagraíochtaí maoinithe.

2.5 **Seirbhísí do leanaí ar íospartaigh choireachta iad**

Thug an Coimisiún maoiniú do *CARI* agus *Barnardos* i 2011. Fuair CARI, a sholáthraíonn tacaíocht do leanaí ar íospartaigh mhí-úsáide gnéasaí iad, agus dá dtuismitheoirí nach ndéanann mí-úsáid, maoiniú i leith seirbhís tacaíochta tionlacain chúirte do leanaí a mbíonn orthu freastal ar an gcúirt mar fhinnéithe. Soláthraíonn *Barnardos* comhairleoireacht do leanaí ar lucht méala iad de bharr dúnbhásaithe. Is ionann an €38,500 de mhaoiniú a chaith an earnáil seo agus 3% de dháileadh iomlán an Choimisiúin. Thacaigh na heagraíochtaí seo le 81 leanbh ar íospartaigh iad agus a dteaghlaigh.

2.6 Ar an iomlán, chabhraigh 46 eagraíocht le 13,874 íospartach coireachta, a chaith €1,205,684 ar an iomlán. Chaith grúpaí coireachta ginearálta 41%, grúpaí foréigin teaghlaigh 37%, grúpaí foréigin ghnéasaigh 13%, grúpaí comhairleoireachta 5% agus chaith grúpaí a sholáthraíonn tacaíocht do leanaí ar a raibh tionchar na coireachta orthu 3%. Tá liosta de na heagraíochtaí maoinithe ag an gCoimisiún i 2011 in Aguisín A. Ón uair a tosaíodh é i 2005 go dtí deireadh 2011, leag an Coimisiún amach beagáinín níos mó ná €7 milliún d'eagraíochtaí na hearnála deonaí ag tacú le híospartaigh na coireachta. Léiríonn Aguisín D líon na n-íospartach ar tacaíodh leo de réir catagóire.

3 Cinntí Maoinithe do 2012

3.1 Chun a chinntiú go bhfaigheadh na comhlachtaí deonacha a mhaoiníonn an Coimisiún a n-íocaíochtaí chomh luath agus ab fhéidir i 2012, chuir an Coimisiún fógra sna

nuachtáin náisiúnta ar an 21 Deireadh Fómhair, 2011, ag fáiltiú roimh iarratais ar mhaoiniú do 2012 (Aguisín E). Ba é an dáta deiridh iarratas a dhéanamh an 18 Samhain, 2011. Fuair an Coimisiún iarratais a phléigh sé ag a chéad chruinniú eile i mí na Nollag, 2011.

4. Soláthar Foirne agus Oibrithe Deonacha

4.1 Oibríonn 489 oibrí deonach in eagraíochtaí maoinithe ag an gCoimisiún. Seasann earnálacha áirithe ar fhostaithe íoctha níos minice chun seirbhísí a sholáthar d'íospartaigh. Ar na hoibrithe deonacha, d'oibrigh 269 acu ag cuidiú le híospartaigh ginearálta na coireachta, sholáthair 18 acu tacaíocht d'íospartaigh na coireachta teaghlaigh, d'oibrigh 129 san earnáil foréigin ghnéasaigh, d'oibrigh 65 san earnáil chomhairleoireachta agus d'oibrigh 8 le leanaí. Chuir maoiniú an Choimisiúin ar chumas na n-eagraíochtaí an choibhéis de 24 fostaí lánaimseartha íoctha a fhostú freisin (Aguisín D).

4.2 Tá an Coimisiún fíor-bhuíoch de na hoibrithe deonacha sin atá ag obair ar leibhéal áitiúil. Aithníonn an Coimisiún freisin an pháirt thábhachtach a imríonn fostaithe íoctha. Ábhar imní don Choimisiún ba ea treocht ar chaiteachas i 2011. San iomlán, bhí ciorrú de bheagnach leathchuid den chaiteachas ar speansais oibrithe deonacha, agus ciorruithe de bhreis agus trian san earnáil ghinearálta, de níos mó ná leathchuid san earnáil chomhairleoireachta, de níos mó ná dhá thrian san earnáil foréigin teaghlaigh agus ciorrú de thrí cheathrú san earnáil foréigin ghnéasaigh. Ní mór do na heagraíochtaí maoinithe faireachán géar a dhéanamh ar aon éifeachtaí a thagann as eisíoc laghdaithe ar speansais oibrithe deonacha go háirithe mar go dtéann sé i bhfeidhm ar sholáthar seirbhísí d'íospartaigh.

5. An Fóram Comhchomhairleach

5.1 Bunaíodh an Fóram Comhchomhairleach d'Íospartaigh na Coireachta, a fhreastalaíonn ionadaí amháin air ó gach eagraíocht dheonach a ndéanann an Coimisiún maoiniú uirthi i 2009 le dearcadh íospartach a chur san áireamh tríothu siúd atá ag obair agus ag obair go deonach sna grúpaí. Ceadaíonn an Fóram do na heagraíochtaí atá maoinithe ag an gCoimisiún ionchur a bheith acu i bhforbairt straitéise agus beartas chun cuidiú agus

tacú le híospartaigh na coireachta. Éascaíonn sé freisin malartú dea-chleachtais idir na heagraíochtaí maoinithe. Reáchtáil an Coimisiún sé chruinniú an Fhóraim go dtí seo.

5.2 Reáchtáladh dhá chruinniú den Fhóram Comhchomhairleach i 2011. Reáchtáladh an chéad Fhóram i mí Aibreáin, 2011, agus d'fhreastail 44 eagraíocht maoinithe air. Chuir an tUas. Alan Shatter, T.D., an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Cosanta, tús leis. Dúirt an tAire gur thug cainteanna leis na grúpaí íospartach sa mhí i ndiaidh a cheapacháin an deis dó béim a leagan ar a thiomantas féin agus ar thiomantas an Rialtais d'íospartaigh na coireachta. Freagraítear don tiomantas seo sa Chlár don Rialtas 2011 – 2016. Ba é téama an Fhóraim "Obair le chéile ar son agus i dteannta íospartach". Dhírigh sé ar chomhar agus comhoibriú idir grúpaí atá maoinithe ag an gCoimisiún a fheabhsú. Chun plé a spreagadh, cuireadh ceisteanna ar an ábhar ar aghaidh chuig rannpháirtithe roimh an gcruinniú. Ag an bhFóram, thug rannpháirtithe nuashonrú ar a ndearnadar le chéile agus ar a bpleananna le haghaidh tuilleadh oibre.

5.3 Lean an dara Fóram i 2011 a reáchtáladh i mí Dheireadh Fómhair leis an bhfócas ar chomhar agus comhoibriú idir na grúpaí. Reáchtáladh seisiún ar bhuiséad an Choimisiúin do 2011 agus ar an ionchas maidir le maoiniú i 2012. Tugadh an tráthnóna do chomhairliúchán ar reachtaíocht bheartaithe chun cearta íospartaigh na coireachta agus a dteaghlaigh a neartú.

5.4 Tá baint mhór ag comhoibriú méadaithe le hobair an Fhóraim Chomhchomhairligh agus le ceardlanna oiliúna arna soláthar ag an gCoimisiún. Nochtadh an t-ábhar i 2011. Ní raibh toradh réamhchinnte ar intinn ag an gCoimisiún. Bhí sé ina chatalaíoch do ghrúpaí obair le chéile ar bhonn orgánach, bunaithe ar leasanna comhchoiteanna, agus bhí sé ina fhócas ar sheirbhísí d'íospartaigh a fheabhsú freisin.

5.5 Tá an Coimisiún sásta tabhairt dá aire go bhfuil an-dul chun cinn déanta i réimse an chomhoibrithe agus an chomhair. Léirítear sampla príomha den chomhoibriú sin sa dóigh ar chabhraigh grúpa stiúrthóirí cliniciúla comhairleoireachta le heagraíochtaí san earnáil foréigin ghnéasaigh línte cabhrach a chomhordú agus tacaíocht leanúna a thairiscint tar éis an tseolta mórthuarascálacha agus aird shuntasach eile na meán ar

fhoréigean gnéasach nó ar mhí-úsáid leanaí. Bhí an grúpa seo bunaithe as a thionscnamh féin ag na stiúrthóirí cliniciúla chun riachtanas a shainaithníodar a chomhlíonadh.

6. Oiliúint

6.1 Lean an Coimisiún ar aghaidh lena chlár oiliúna do na heagraíochtaí a mhaoiníonn sé i 2011. Shocraigh an Coimisiún lá oiliúna do roinnt dá eagraíochtaí a sholáthraíonn comhairleoireacht d'íospartaigh na coireachta i 2011. D'éascaigh láithreoireachtaí ó Oifigeach Sinsearach ó Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí agus ball den Gharda Síochána é seo. Ba iad an dá ábhar a folaíodh ar an lá

- nochtadh nótaí comhairleoireachta i gcásanna coiriúla agus
- saincheisteanna a thagann chun cinn d'fhinnéithe leanaí ionchasacha

Thionscain ball den Gharda Síochána a bheartas agus a chleachtas maidir le finnéithe leanaí agus comhairleoireacht. Labhair oifigeach sinsearach ó Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí faoina beartas agus a cleachtas maidir le nochtadh nótaí comhairleoireachta. Ghlac na rannpháirtithe páirt i ndíospóireachtaí gníomhacha leis na cainteoirí tar éis na gcainteanna, ag moladh raon cosaintí a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le nochtadh nótaí comhairleoireachta.

7. Gníomhaíochtaí eile an Choimisiúin i 2011

7.1 D'fhreastail Cathaoirleach an Choimisiúin, an tUas. McAndrew, ar, agus labhair sé ag, oscailtí oifigiúla bhrainsí na Cónaidhme um Chúnamh d'Íospartaigh i gCill Chainnigh, 2011 agus i nGuaire i mí Aibreáin, 2011.

7.2 D'fhreastail an Cathaoirleach ar lainseáil láithreán Gréasáin Thacaíocht tar éis Coireachta i mí Iúil, 2011.

7.3 D'fhreastail an Cathaoirleach ar chomhdháil i mí Mheán Fómhair, 2011, maidir le hAthchóiriú an Dlí Choiriúil a d'eagraigh Dlí-Chumann na hÉireann ar thug an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Cosanta aitheasc aige.

7.4 D'fhreastail an tUas. Heylin agus Anne O'Shea Uasal ar an gcomhdháil a d'eagraigh an Chónaidhm um Chúnamh d'Íospartaigh i dTrá Lí ón 14 Deireadh Fómhair, 2011, go dtí an 16 Deireadh Fómhair, 2011. D'oscail an tUas. J. Denihan, T.D., an tAire Spóirt agus Turasóireachta, an Chomhdháil. Rinne an tUas. Heylin cathaoirleacht ar sheisiún mhaidin Shathairn.

7.5 D'fhreastail an tUas. Heylin ar an searmanas cuimhneacháin a d'eagraigh AdVic le haghaidh na dteaghlach ar lucht meala iad mar gheall ar Dhúnbhású san Eaglais Úinitéireach, Baile Átha Cliath i mí Mheán Fómhair, 2011.

7.6 D'fhreastail an tUas. Heylin ar sheoladh thuarascálacha bliantúla Ionad Éigeandála um Éigniú Bhaile Átha Cliath agus Líonra Éigeandála um Éigniú na hÉireann i 2011. D'fhreastail Anne O'Shea Uasal ar sheoladh thuarascálacha bliantúla AMEN, CARI, Líne Chabhrach Íospartaigh na Coireachta, One in Four, agus na Seirbhíse Éireannaí um Chúnamh do Thurasóirí.

Aguisín A

Iarratais ar Mhaoiniú ar Éirigh leo i 2011

	Eagraíocht	Catagóir	Iomlán a dáileadh 2011	Iomlán a caitheadh
1	Adapt (Ciarraí)	Foréigean teaghlaigh	€22,300	€22,300
2	Adapt (Luimneach)	Foréigean teaghlaigh	€41,000	€41,000
3	AdVIC	Ginearálta	€23,000	€23,000
4	Amen	Foréigean teaghlaigh	€9,000	€7,200
5	Ascend	Foréigean teaghlaigh	€13,500	€13,500
6	Barnardos	Leanaí	€23,500	€23,500
7	Ionad Comhairleoireachta Beacon of Light	Comhairleoireacht	€15,000	€15,000
8	CARI	Leanaí	€15,000	€15,000
9	Women's Aid Cheatharlach	Foréigean teaghlaigh	€15,000	€15,000
10	Seirbhísí Clare Haven	Foréigean teaghlaigh	€11,000	€11,000
11	Cope na Gaillimhe	Foréigean teaghlaigh	€3,000	€3,371
12	Líne Chabhrach Íospartaigh na Coireachta	Ginearálta	€68,600	€75,819
13	Tearmann Chuan saor do Mhná Teo.	Foréigean teaghlaigh	€19,300	€19,300
14	(Seirbhís Abhcóideachta) Foréigean Teaghlaigh	Foréigean teaghlaigh	€8,000	€8,000
15	Domestic Violence Response	Foréigean teaghlaigh	€14,200	€14,186
16	Seirbhís Fhoréigean Teaghlaigh na mBan Dhún na nGall	Foréigean teaghlaigh	€15,000	€15,000
17	Tearmann Dhroichead Átha do Mhná	Foréigean teaghlaigh	€10,000	€10,000
18	Ionad Éigeandála um Éigniú Bhaile Átha Cliath	Foréigean teaghlaigh	€17,500	€17,431
19	Seirbhís Comhairleoireachta Dhún Dealgan	Comhairleoireacht	€19,800	€19,800

20	Cónaidhm um Chúnamh d'Íospartaigh	Ginearálta	€82,000	€86,109
21	Tearmann Inis Eoghain na mBan	Foréigean teaghlaigh		€3,445
22	An tSeirbhís Éireannach um Chúnamh do Thurasóirí	Ginearálta	€44,600	€44,600
23	Seirbhísí Tacaíochta Laois in Aghaidh Fhoréigean Teaghlaigh	Foréigean teaghlaigh	€11,748	€15,500
24	Lárionad Leitir Ceanainn do Mhná (Foireann Chomhairliúcháin)	Comhairleoireacht	€5,000	€5,000
25	Lárionad Comhairleoireachta Deonaí Living Life	Comhairleoireacht	€13,000	€13,000
26	Nasc Longfoirt do Mhná	Foréigean teaghlaigh	€19,300	€19,300
27	Seirbhís Tacaíochta do Mhná Mhaigh Eo	Foréigean teaghlaigh	€21,800	€21,800
28	Tearmann na Mí do Mhná	Foréigean teaghlaigh	€25,900	€25,900
29	Seirbhísí Tacaíochta do Dhaoine ar Iarraidh in Éirinn	Ginearálta	€9,000	€9,000
30	Mná Feasa	Foréigean teaghlaigh	€24,300	€24,316
31	Oasis	Foréigean teaghlaigh	€5,000	€5,000
32	Mná i nGéarchéim, Uíbh Fhailí	Foréigean teaghlaigh	€9,000	€9,000
33	One in Four	Foréigean gnéasach	€69,800	€69,800
34	An Líonra Éigeandála um Éigniú	Foréigean gnéasach	€49,000	€49,000
35	Safe Link Ros Comáin	Foréigean teaghlaigh	€16,500	€16,500
36	Cumann Tithíochta Saoirse	Foréigean teaghlaigh	€13,500	€13,500
37	An Lárionad um Fhoréigean Gnéasach	Foréigean gnéasach	€23,100	€23,100
38	Tacaíocht Tar éis Coireachta	Ginearálta	€117,000	€117,000
39	Tacaíocht Tar Éis Dúnbhásaithe	Ginearálta	€44,800	€44,800
40	Cumann Tithíochta Tearmann	Foréigean teaghlaigh	€14,500	€14,500
41	Tacaíocht d'Íospartaigh	Ginearálta	€7,000	€4,483
42	Tacaíocht d'Íospartaigh sa chúirt	Ginearálta	€64,500	€89,125
43	Seirbhís Tacaíochta na hIarmhí in aghaidh Foréigean Teaghlaigh	Foréigean teaghlaigh	€15,000	€15,000
44	Women's Aid Bhaile Átha Cliath	Foréigean teaghlaigh	€74,000	€74,000
45	Women's Aid Dhún Dealgan	Foréigean teaghlaigh	€14,500	€14,500
46	Lárionad Teiripe na mBan	Comhairleoireacht	€9,000	€9,000

			€1,166,548	€1,205,684

Aguisín B

Dáileadh Maoinithe i 2011

Earnáil	Méid a caitheadh	% den iomlán a caitheadh
Coireacht Ghinearálta	€493,936	41%
Foréigean Teaghlaigh	€452,118	37%
Foréigean Gnéasach	€159,331	13%
Comhairleoireacht	€61,800	5%
Leanaí	€38,500	3%
Iomlán	€1,205,684	100%



Aguisín C

Maoiniú a dáileadh ar Eagraíochtaí 2005 go 2011

2005	2006	2007	2008	2009	2010	2011
€685,750	€885,250	€946,125	€1,057,148	€1,254,279	€1,275,814	€1,205,684



Líon na n-eagraíochtaí ar tugadh maoiniú dóibh 2005- 2011



Aguisín D

Líon na n-íospartach ar tacaíodh leo i ngach earnáil

Líon na n-íospartach ar cabhraíodh leo - 2011			
Earnáil	**Iomlán a caitheadh**	**Líon na n-íospartach ar cabhraíodh leo**	**Meánchostas san íospartach**
Ginearálta	€493,936	8,996	€55
Foréigean Teaghlaigh	€452,118	3,147	€144
Foréigean Gnéasach	€159,331	1,119	€142

Comhairleoireacht	€61,800	531	€116
Leanaí	€38,500	*81	€475
Iomlán	**€1,205,684**	**13,874**	**€87**

Líon na nOibrithe Deonacha				
Earnáil	**Líon na dtionscadal**	**Líon na n-oibrithe deonacha**	**Líon na dtionscadal a úsáideann oibrithe deonacha**	**Líon na dtionscadal a úsáideann baill foirne amháin**
Ginearálta	9	269	9	
Foréigean Teaghlaigh	26	18	4	22
Foréigean Gnéasach	4	129	3	2
Comhairleoireacht	5	65	2	3
Leanaí	2	8	1	1
	46	**489**	**19**	

Aguisín E

Commission for the Support of Victims of Crime

FÓGRA POIBLÍ

An Coimisiún um Thacaíocht d'Íospartaigh na Coireachta

Maoiniú 2012 do sholáthar seirbhísí d'íospartaigh na coireachta

Tá an Coimisiún um Thacaíocht d'Íospartaigh na Coireachta
ag cur fáilte roimh iarratas ar mhaoiniú
don bhliain 2012 ó charthanais chláraithe, ó ghrúpaí
deonacha/pobail agus ó chomhlachtaí eile a
bhfuil moltaí acu le haghaidh soláthair seirbhísí/tacaíochta
d'íospartaigh na coireachta.
Ní mór d'iarratasóirí ar mhaoiniú a bheith ina gcarthanas cláraithe
nó ina chuideachta teoranta. Chuirfí fáilte roimh fhiosrúcháin maidir le
comhiarratais idir dhá ghrúpa
nó níos mó.

Is féidir foirmeacha iarratais a íoslódáil ó
www.csvc.ie **nó** a fháil ó
Anne O'Shea, Rúnaí an Choimisiúin
ag an seoladh thíos.
Ní mór foirmeacha iarratais a sheoladh ar ais
faoin Luan, 18 Samhain, 2011

Sonraí teagmhála:

Anne O'Shea Uasal
An Coimisiún um Thacaíocht d'Íospartaigh na Coireachta,
f/ch An Roinn Dlí agus Cirt
agus Comhionannais
51 Faiche Stiabhna
Baile Átha Cliath 2

Teil: 01-6028681. r-phost: csvc@justice.ie

Aguisín F

Ballraíocht den Choimisiún um Thacaíocht d'Íospartaigh na Coireachta

1. Baill den Choimisiún um Thacaíocht d'Íospartaigh na Coireachta i 2011:

An tUas. Ray McAndrew, Cathaoirleach (iar-Choimisinéir Cúnta an Gharda Síochána)

*An tUas. P.J. Fitzpatrick, iar-Phríomhfheidhmeannach na Seirbhíse Cúirteanna

An tUas. Terry Delany (Leas-Ard-Rúnaí, Ceardchumann Oibrithe Cumarsáide na hÉireann)

An tUas. Greg Heylin, ex officio (Stiúrthóir Oifig Íospartaigh na Coireachta)

* Scoir an tUas. Fitzpatrick mar bhall den Choimisiún ar an 4 Eanáir, 2012

1.2 Soláthraíonn Oifig Íospartaigh na Coireachta rúnaíocht lánaimseartha don Choimisiún. Baineann an Coimisiún leas as na seirbhísí de chomhordaitheoir freisin, a thugann cuairt ar na heagraíochtaí atá maoinithe ag an gCoimisiún, a dhéanann faireachán ar na seirbhísí a chuireann siad ar fáil agus a chabhraíonn le réiteach fadhbanna áitiúla.